CINNEADH O CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 161/2019

an 14 Meitheamh 2019

lena leasaítear Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) agus Iarscríbhinn XX (An Comhshaol) a ghabhann le Comhaontú LEE [2022/2153]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2065 ón gCoimisiún an 17 Samhain 2015 lena mbunaítear, de bhun Rialachán (AE) Uimh. 517/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, an fhormáid maidir le cláir oiliúna agus cláir dheimhniúcháin na mBallstáit a fhógairt ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2066 ón gCoimisiún an 17 Samhain 2015 lena mbunaítear, de bhun Rialachán (AE) Uimh. 517/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, íoscheanglais agus na coinníollacha maidir le haitheantas frithpháirteach do dheimhniú daoine nádúrtha a dhéanann lascthrealamh leictreach ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe a shuiteáil, a sheirbhísiú, a chothabháil, a dheisiú nó a dhíchoimisiúnú nó a dhéanann gáis ceaptha teasa fhluairínithe a aisghabháil ó lascthrealamh leictreach do-aistrithe ([2]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(3) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2067 ón gCoimisiún an 17 Samhain 2015 lena mbunaítear, de bhun Rialachán (AE) Uimh. 517/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, íoscheanglais agus na coinníollacha maidir le haitheantas frithpháirteach do dheimhniú daoine nádúrtha a mhéid a bhaineann le trealamh do-aistrithe cuisniúcháin, aerchóiriúcháin agus teaschaidéil, agus aonaid chuisniúcháin i dtrucailí agus i leantóirí cuisniúcháin ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe agus maidir le deimhniú cuideachtaí a mhéid a bhaineann le trealamh do-aistrithe cuisniúcháin, aerchóiriúcháin agus teaschaidéil ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe ([3]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(4) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2068 ón gCoimisiún an 17 Samhain 2015 lena mbunaítear, de bhun Rialachán (AE) Uimh. 517/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, formáid na lipéad le haghaidh táirgí agus trealamh ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe ([4]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(5) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2065 ón gCoimisiún aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 308/2008 ón gCoimisiún ([5]), atá ionchorpraithe i gComhaontú LEE agus atá le haisghairm, dá réir sin, faoi Chomhaontú LEE.

(6) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2066 ón gCoimisiún aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 305/2008 ón gCoimisiún ([6]), atá ionchorpraithe i gComhaontú LEE agus atá le haisghairm, dá réir sin, faoi Chomhaontú LEE.

(7) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2067 ón gCoimisiún aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 303/2008 ón gCoimisiún ([7]), atá ionchorpraithe i gComhaontú LEE agus atá le haisghairm, dá réir sin, faoi Chomhaontú LEE.

(8) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2068 ón gCoimisiún aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1494/2007 ón gCoimisiún ([8]), atá ionchorpraithe i gComhaontú LEE agus atá le haisghairm, dá réir sin, faoi Chomhaontú LEE.

(9) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinní II agus XX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

([1]) IO L 301, 18.11.2015, lch. 14.
([2]) IO L 301, 18.11.2015, lch. 22.
([3]) IO L 301, 18.11.2015, lch. 28.
([4]) IO L 301, 18.11.2015, lch. 39.
([5]) IO L 92, 3.4.2008, lch. 28.
([6]) IO L 92, 3.4.2008, lch. 17.
([7]) IO L 92, 3.4.2008, lch. 3.
([8]) IO L 332, 18.12.2007, lch. 25.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasófar Caibidil XVII d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE mar a leanas:

1. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad théacs phointe 9ba (Rialachán (CE) Uimh. 1494/2007 ón gCoimisiún):

'**32015 R 2068**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2068 ón gCoimisiún an 17 Samhain 2015 lena mbunaítear, de bhun Rialachán (AE) Uimh. 517/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, formáid na lipéad le haghaidh táirgí agus trealamh ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe (IO L 301, 18.11.2015, lch. 39).'

2. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad théacs phointe 9bd (Rialachán (CE) Uimh. 303/2008 ón gCoimisiún):

'**32015 R 2067**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2067 ón gCoimisiún an 17 Samhain 2015 lena mbunaítear, de bhun Rialachán (AE) Uimh. 517/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, íoscheanglais agus na coinníollacha maidir le haitheantas frithpháirteach do dheimhniú daoine nádúrtha a mhéid a bhaineann le trealamh do-aistrithe cuisniúcháin, aerchóiriúcháin agus teaschaidéil, agus aonaid chuisniúcháin i dtrucailí agus i leantóirí cuisniúcháin ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe agus maidir le deimhniú cuideachtaí a mhéid a bhaineann le trealamh do-aistrithe cuisniúcháin, aerchóiriúcháin agus teaschaidéil ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe (IO L 301, 18.11.2015, lch. 28).'

3. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad théacs phointe 9bf (Rialachán (CE) Uimh. 305/2008 ón gCoimisiún):

'**32015 R 2066**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2066 ón gCoimisiún an 17 Samhain 2015 lena mbunaítear, de bhun Rialachán (AE) Uimh. 517/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, íoscheanglais agus na coinníollacha maidir le haitheantas frithpháirteach do dheimhniú daoine nádúrtha a dhéanann lascthrealamh leictreach ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe a shuiteáil, a sheirbhísiú, a chothabháil, a dheisiú nó a dhíchoimisiúnú nó a dhéanann gáis ceaptha teasa fhluairínithe a aisghabháil ó lascthrealamh leictreach do-aistrithe (IO L 301, 18.11.2015, lch. 22).'

4. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad théacs phointe 9bi (Rialachán (CE) Uimh. 308/2008 ón gCoimisiún):

'**32015 R 2065**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2065 ón gCoimisiún an 17 Samhain 2015 lena mbunaítear, de bhun Rialachán (AE) Uimh. 517/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, an fhormáid maidir le cláir oiliúna agus cláir dheimhniúcháin na mBallstáit a fhógairt (IO L 301, 18.11.2015, lch. 14).'

Airteagal 2

Iarscríbhinn XX a ghabhann le Comhaontú LEE, leasófar í mar a leanas:

1. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad théacs phointe 21aqa (Rialachán (CE) Uimh. 1494/2007 ón gCoimisiún):

'**32015 R 2068**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2068 ón gCoimisiún an 17 Samhain 2015 lena mbunaítear, de bhun Rialachán (AE) Uimh. 517/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, formáid na lipéad le haghaidh táirgí agus trealamh ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe (IO L 301, 18.11.2015, lch. 39).'

2. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad théacs phointe 21aqd (Rialachán (CE) Uimh. 303/2008 ón gCoimisiún):

'**32015 R 2067**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2067 ón gCoimisiún an 17 Samhain 2015 lena mbunaítear, de bhun Rialachán (AE) Uimh. 517/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, íoscheanglais agus na coinníollacha maidir le haitheantas frithpháirteach do dheimhniú daoine nádúrtha a mhéid a bhaineann le trealamh do-aistrithe cuisniúcháin, aerchóiriúcháin agus teaschaidéil, agus aonaid chuisniúcháin i dtrucailí agus i leantóirí cuisniúcháin ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe agus maidir le deimhniú cuideachtaí a mhéid a bhaineann le trealamh do-aistrithe cuisniúcháin, aerchóiriúcháin agus teaschaidéil ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe (IO L 301, 18.11.2015, lch. 28).'

3. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad théacs phointe 21aqf (Rialachán (CE) Uimh. 305/2008 ón gCoimisiún):

'**32015 R 2066**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2066 ón gCoimisiún an 17 Samhain 2015 lena mbunaítear, de bhun Rialachán (AE) Uimh. 517/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, íoscheanglais agus na coinníollacha maidir le haitheantas frithpháirteach do dheimhniú daoine nádúrtha a dhéanann lascthrealamh leictreach ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe a shuiteáil, a sheirbhísiú, a chothabháil, a dheisiú nó a dhíchoimisiúnú nó a dhéanann gáis ceaptha teasa fhluairínithe a aisghabháil ó lascthrealamh leictreach do-aistrithe (IO L 301, 18.11.2015, lch. 22).'

4. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad théacs phointe 21aqi (Rialachán (CE) Uimh. 308/2008 ón gCoimisiún):

'**32015 R 2065**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2065 ón gCoimisiún an 17 Samhain 2015 lena mbunaítear, de bhun Rialachán (AE) Uimh. 517/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, an fhormáid maidir le cláir oiliúna agus cláir dheimhniúcháin na mBallstáit a fhógairt (IO L 301, 18.11.2015, lch. 14).'

Airteagal 3

Is téacsanna barántúla a bheidh i dtéacsanna Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2065, (AE) 2015/2066, (AE) 2015/2067 agus (AE) 2015/2068 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacsanna atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 15 Meitheamh 2019, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *, nó ar lá theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 160/2019 ó Chomhchoiste LEE an 14 Meitheamh 2019 ([9]), cibé acu is déanaí.

Airteagal 5

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 14 Meitheamh 2019.

Thar ceann Chomhchoiste an LEE
An tUachtarán
Claude MAERTEN

(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.
([9]) IO L 291…